AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.10.2026
COM(2026) 569 final

2026/0325 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1787 maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí áirithe a chur siar

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Tháinig Rialachán (AE) 2024/1787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh[1] (an 'Rialachán') i bhfeidhm an 4 Lúnasa 2024. Cumhdaíonn raon feidhme an Rialacháin amhola, gás nádúrtha agus gual. Leis an Rialachán, leagtar síos rialacha maidir le hastaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh san Aontas a thomhas, a chainníochtú, a thuairisciú agus a fhíorú go cruinn, maidir le faireachán cruinn a dhéanamh orthu, agus maidir leis na hastaíochtaí sin a laghdú, lena n-áirítear trí shuirbhéanna braite agus deisithe sceití, oibleagáidí deisiúcháin agus srianta ar scaoileadh agus bladhmadh. Tá feidhm ag an Rialachán freisin maidir le hastaíochtaí meatáin a tharlaíonn lasmuigh den Aontas, i ndáil le hamhola, gás nádúrtha agus gual a chuirtear ar mhargadh an Aontais.

Tá an meatán ar an dara gás is mó, seachas dé-ocsaíd charbóin (CO_2), a chuireann leis an athrú aeráide agus is é is cúis le timpeall aon trian den téamh atá ag tarlú faoi láthair. Tá ardú géar tagtha ar mhéid an mheatáin san atmaisféar ar bhonn domhanda le 10 mbliana anuas. D'fhoilsigh an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide, arna chruthú faoi chuimsiú na Náisiún Aontaithe, sa Séú Tuarascáil Mheasúnachta uaidh an cinneadh go bhfuil gá le laghduithe móra ar astaíochtaí antrapaigineacha meatáin faoi 2030 chun an téamh domhanda a theorannú go 1,5° C[2].

Tugtar isteach leis an Rialachán ceanglais fhorásacha chun an trédhearcacht maidir le hastaíochtaí meatáin a mhéadú. Ceanglaítear leis ar allmhaireoirí faisnéis a sholáthar d'údaráis inniúla na mBallstát maidir le hastaíochtaí meatáin na hamhola, an gháis nádúrtha agus an ghuail a chuirtear ar mhargadh an Aontais ón 5 Bealtaine 2025 ar aghaidh. Ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh, ní mór d'allmhaireoirí a léiriú go bhfuil conarthaí arna dtabhairt i gcrích nó arna n-athnuachan tar éis an 4 Lúnasa 2024 maidir le soláthar amhola, gáis nádúrtha nó guail a tháirgtear lasmuigh den Aontas faoi réir bearta faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe atá coibhéiseach leo siúd a leagtar síos sa Rialachán ar leibhéal tháirgeoirí an Aontais. Faoin 5 Lúnasa 2028 agus gach bliain ina dhiaidh sin, beidh ar tháirgeoirí agus ar allmhaireoirí an Aontais an méid seo a leanas a dhéanamh freisin: (i) tuairisciú ar dhéine meatáin tháirgeadh na hamhola, an gháis nádúrtha agus an ghuail a chuirtear ar mhargadh an Aontais; agus (ii) a léiriú, faoin 5 Lúnasa 2030 agus gach bliain ina dhiaidh sin, go bhfuil déine an mheatáin faoi bhun na n-uasluachanna déine meatáin arna mbunú ag an gCoimisiún trí ghníomh tarmligthe, de réir an nós imeachta a leagtar síos sa Rialachán.

Ón 27 Feabhra 2026 ar aghaidh, tá Caolas Hormuz, ar mórphointe trasnaithe muirí don trádáil dhomhanda fuinnimh, thíos le suaitheadh mór geopholaitiúil agus eacnamaíoch, rud ba chúis lena dhúnadh, chomh maith le dúnadh uaineach bonneagair eile lena n-onnmhairítear táirgí fuinnimh ó Mhurascaill na Peirse. Meastar go forleathan gurb iad na suaití sin na suaití is mó a imríonn tionchar ar sholáthairtí fuinnimh domhanda ó bhí an ghéarchéim fuinnimh ann sna 1970idí, agus gurb iad na suaití is mó dá raibh ann riamh i stair an mhargaidh dhomhanda ola[3].

---

1 Rialachán (AE) 2024/1787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/942 (IO L, 2024/1787, 15.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1787/oj).

2 AR6 Synthesis Report: Climate Change 2023.

3 https://www.iea.org/reports/oil-market-report-april-2026.

Tá tionchar an-diúltach ag an suaitheadh sa Mheánoirthear ar mhargaí fuinnimh domhanda agus Eorpacha. Tá difear déanta do thart ar 20 % den soláthar domhanda gáis nádúrtha leachtaithe (GNL)[4] agus do 25 % den trádáil dhomhanda ola ar muir[5]. Mar thoradh air sin, ní dócha go dtiocfaidh an fás ard ar onnmhairí GNL a raibh coinne leis ar dtús ón réigiún sin sa tréimhse 2026-2027 chun cinn, agus is dócha go gcuirfear moill 2 bhliain ar a laghad air, agus beidh rioscaí gaolmhara ag baint leis sin i dtéarmaí dhoichte an mhargaidh agus luaineacht praghsanna[6]. A mhéid a bhaineann le hola, is mó ná 13 mb/d anois an caillteanas foriomlán onnmhairí ola, agus mar gheall ar an gciorrú táirgeachta gaolmhar agus an damáiste don bhonneagar fuinnimh i réigiún na Murascaille, tá caillteanais charnacha soláthair de thart ar 2.8 billiún bairille ann faoi dheireadh 2026, lena n-áirítear caillteanais a bhfuil coinne leo le linn an bhorrtha táirgthe de réir a chéile i ndiaidh na coinbhleachta[7]. Níl soláthróirí lasmuigh de réigiún na Murascaille in ann an bhearna i soláthairtí GNL agus ola a chúiteamh ach ar bhonn teoranta. An damáiste a rinneadh don bhonneagar fuinnimh i réigiún na Murascaille, an t-am is gá chun an bonneagar a atosú agus an maolú de réir a chéile ar an scrogall, cuirfidh na nithe sin go léir leis an tréimhse neamhdhóthanachta soláthair agus le héiginnteachtaí sna margaí fuinnimh domhanda, ar dócha gur tréimhse fhada a bheidh ann.

Leis an Rialachán, ní fhorchuirtear srianta ar allmhairí fuinnimh chuig an Aontas. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil an éiginnteacht a bhaineann le fad agus déine shuaitheadh soláthair an Mheánoirthir fós ina cúis le praghsanna fuinnimh domhanda atá ard agus luaineach, ní mór don Aontas soláthairtí iontaofa iomaíocha amhola, gáis nádúrtha agus guail a dhaingniú. Is léir go bhfuil sé sin dúshlánach i gcomhthéacs ina bhfuil brú ar chomhaontuithe conarthacha agus ar bhealaí trádála atá ann cheana agus ina bhfuil srian fós ar an líon soláthairtí malartacha, go háirithe i gcás seachadtaí gearrthéarmacha. Sa chomhthéacs sin, tá sé curtha in iúl ag allmhaireoirí go bhféadfaí difear a dhéanamh dá gcumas ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh go hiomlán agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh sé nach mbeidís in ann soláthairtí fuinnimh comhlíontacha leordhóthanacha a áirithiú ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh.

Tá athruithe spriocdhírithe ar an Rialachán sa togra seo chun cur i bhfeidhm na n-oibleagáidí faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe d'allmhaireoirí a chur siar bliain amháin, chomh maith leis na forálacha maidir le déine meatáin d'allmhaireoirí agus do tháirgeoirí an Aontais.

Ba cheart na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 28 agus 29 den Rialachán a chur siar bliain amháin, rud a d'fhágfadh go mbeadh tríú tíortha, allmhaireoirí, táirgeoirí an Aontais agus údaráis inniúla na mBallstát in ann iad a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach. Leis an amlíne shínte, beifear in ann tuilleadh rannpháirtíochta agus dul chun cinn a dhéanamh freisin maidir le cur chun feidhme, mar fhreagairt ar ábhair imní faoin amlíne cur chun feidhme reatha a chuir roinnt Ballstát, tríú tíortha agus oibreoirí in iúl. Go sonrach, cuirfidh an t-am breise ar a gcumas do na Ballstáit glacadh a gcóras pionóis náisiúnta a chur i gcrích, ar a gcumas do chomhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta fíoraitheoirí a chreidiúnú i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin, agus ar a gcumas d'údaráis inniúla náisiúnta measúnú a dhéanamh ar sholáthraithe réiteach comhlíontachta agus iad a aithint chun ceanglais an Rialacháin agus critéir an Mholta maidir le réitigh chomhlíontachta a chomhlíonadh[8].

---

4 Gas Market Report, Q2-2026 – Analysis - IEA, lch 6.

5 Gas Market Report, Q2-2026 – Analysis - IEA, lch 4.

6 Gas Market Report, R2-2026- lch. 8.

7 Oil Market Report, September 2026 – IEA , lch. 5.

8 Moladh (AE) 2026/1834 ón gCoimisiún an 20 Iúil 2026 maidir le clásail eiseamláireacha roghnacha arna bhforbairt de bhun Rialachán (AE) 2024/1787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/942 (IO L, 2026/1834, 24.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2026/1834/oj).

Leis an leasú atá beartaithe, tugtar isteach an tsolúbthacht is gá, agus leibhéal uaillmhéine chuspóir foriomlán an Rialacháin maidir le laghdú astaíochtaí á choinneáil san am céanna. Ní léiríonn sé go bhfuil athrú tagtha ar thiomantas an Choimisiúin astaíochtaí meatáin a laghdú a thuilleadh, arb iad an dara foinse is mó astaíochtaí gás ceaptha teasa iad i ndiaidh astaíochtaí CO_2. Tá an laghdú meatáin ar cheann de na bealaí is tapúla agus is éifeachtaí chun an téamh domhanda a laghdú agus tá tairbhí móra coigiltis fuinnimh ag baint leis. Measann an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh gur cailleadh os cionn 350 billiún méadar ciúbach gáis mar gheall ar bhladhmadh, scaoileadh agus sceitheadh ar fud an domhain in 2024 amháin, is é sin trí oiread an tsoláthair a baineadh de mhargaí domhanda mar gheall ar dhúnadh Chaolas Hormuz. Trí sceitheadh meatáin a laghdú agus trí dheireadh a chur le gnáthscaoileadh agus bladhmadh ó oibríochtaí ola agus gáis, is féidir an soláthar gáis atá ar fáil a leathnú go díreach, cuidiú le luaineacht praghsanna a laghdú, agus cuidiú le hathléimneacht na gcóras fuinnimh a neartú.

Dá bhrí sin, tá an Coimisiún tiomanta do chur chun feidhme leanúnach an Rialacháin, don uaillmhian atá ann a chosaint, agus do na gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe atá fágtha a chur i gcrích. Tá iarrataí taiscthe ag an gCoimisiún cheana féin chun na caighdeáin tionscail is gá a fhorbairt le haghaidh ola agus gás nádúrtha a cheanglaítear leis an Rialachán a chur chun feidhme. Anuas air sin, ní fada go mbeidh cuid de na teimpléid tuairiscithe astaíochtaí meatáin is gá á nglacadh aige agus tá córas tuairiscithe cuimsitheach á chur chun feidhme aige i gcomhthráth leis sin. Bíonn sé i dteagmháil go rialta freisin le comhlachtaí náisiúnta creidiúnaithe chun an tsoiléireacht is gá a bhaint amach chun dlús a chur leis an bpróiseas chun fíoraitheoirí a chreidiúnú. Ina theannta sin, d'fhoilsigh an Coimisiún moltaí le déanaí maidir le réitigh chomhlíontachta agus maidir le pionóis a chur i bhfeidhm[9]; chuir siad sin tuilleadh soiléireachta agus tacaíochta ar fáil do na Ballstáit agus d'oibreoirí araon maidir le conas na rialacha a chur chun feidhme. Leis an Moladh maidir le réitigh chomhlíontachta, soláthraítear soiléireacht maidir le conas comhlíonadh cheanglais allmhairiúcháin an Rialacháin a léiriú, go háirithe i slabhraí soláthair casta. I gcomhthráth leis sin, leis an Moladh maidir le pionóis a chur i bhfeidhm, soláthraítear treoir do na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 33(2) den Rialachán i gcomhthéacs na géarchéime fuinnimh atá ann faoi láthair.

Le linn thréimhse an chur siar, déanfaidh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme an Rialacháin, chomh maith le staid shlándáil an tsoláthair. Cuirfear aon saincheist maidir le cur chun feidhme san áireamh i gcomhthéacs an athbhreithnithe atá le teacht ar an Rialachán lena gceanglaítear go sainráite ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht an Rialacháin maidir le rialacha tomhais, tuairiscithe agus fíoraithe atá trédhearcach agus cruinn a bhunú. De réir Airteagal 36(1) de Rialachán (AE) 2024/1787, tá an t-athbhreithniú sin le déanamh faoin 1 Eanáir 2028, lena n-áirítear an ceanglas ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

Tugtar isteach leis an togra seo leasuithe teoranta spriocdhírithe ar an Rialachán maidir le Meatán chun moill bliana a chur ar chur i bhfeidhm forálacha sonracha. Tá tuilleadh leasuithe féideartha ar an Rialachán sin go hiomlán lasmuigh de raon feidhme agus d'aidhmeanna an togra seo. Rachaidh an Coimisiún i dteagmháil ar bhealach cuiditheach le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle chun a áirithiú go gcaomhnóidh an próiseas reachtach maidir leis an togra seo a raon feidhme fíor-riachtanach go hiomlán agus nach

[9] Moladh (AE) 2026/1835 ón gCoimisiún an 20 Iúil 2026 maidir le cur i bhfeidhm pionós dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2024/1787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh i ndáil le hoibleagáidí allmhaireoirí (IO L, 2026/1835, 24.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2026/1835/oj).

saobhfaidh sé é.

Chun deimhneacht agus solúbthacht rialála a choinneáil, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an togra seo a chomhaontú go pras.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

I Rialachán (AE) 2021/1119 (‘an Dlí Aeráide Eorpach’)[10], chumhdaigh an tAontas sa reachtaíocht sprioc na haeráidneodrachta ar fud an gheilleagair faoi 2050 agus bhunaigh sé spriocanna idirmheánacha ceangailteacha de chuid an Aontais maidir le laghdú intíre 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa (astaíochtaí tar éis asbhaint na n-aistrithe) i gcomparáid le leibhéil 1990 faoi 2030 agus 90 % faoi 2040.

Chuir an togra le haghaidh Rialachán (AE) 2024/1787 le Plean um Sprioc Aeráide 2030 an Aontais agus lena mheasúnú tionchair. Cuireadh i dtábhacht sa Phlean um Sprioc Aeráide an gá atá le dlús a chur le laghduithe ar astaíochtaí meatáin.

I mí Dheireadh Fómhair 2020, ghlac an Coimisiún straitéis de chuid an Aontais chun astaíochtaí meatáin a laghdú, ina leagtar amach bearta chun astaíochtaí meatáin a laghdú san Aontas, lena n-áirítear in earnáil an fhuinnimh, agus go hidirnáisiúnta.

Ní leasaítear leis an togra seo rialacha substainteacha Rialachán (AE) 2024/1787 agus coinnítear a chuspóirí ar bun. Freagraíonn an togra freisin d’ábhair imní a chuir roinnt Ballstát agus na hearnálacha ola, gáis agus guail in iúl, trí sholúbthacht bhreise a chur ar fáil d’oibreoirí agus do na Ballstáit chun cuspóirí an Rialacháin a chomhlíonadh go hiomlán.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Is comhlántach é an togra seo leis an ngníomhaíocht a glacadh i réimsí na talmhaíochta agus na dramhaíola chun astaíochtaí meatáin a laghdú.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an togra seo. I gcomhréir le hAirteagal 191 agus Airteagal 192(1) CFAE, tá an tAontas Eorpach le rannchuidiú, *inter alia*, leis na cuspóirí seo a leanas a shaothrú: (i) cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú; (ii) bearta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun déileáil le fadhbanna comhshaoil ar bhonn réigiúnach nó domhanda; agus, go háirithe, (iii) an t-athrú aeráide a chomhrac. Tá Rialachán (AE) 2024/1787 bunaithe ar Airteagal 192(1) CFAE.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá an tionscnamh atá beartaithe comhsheasmhach le prionsabal na coimhdeachta. Ní féidir leis na Ballstáit féin leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2024/1787 chun an tsolúbthacht bhreise sin a sholáthar.

[10] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na h Eorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (‘An Dlí Aeráide Eorpach’) (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1119/oj).

- **Comhréireacht**

Tá an togra comhsheasmhach le prionsabal na comhréireachta. Ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí an Aontais a bhaint amach maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar bhealach costéifeachtach, agus tugann sé solúbthacht d'oibreoirí agus do na Ballstáit maidir le comhlíonadh agus cuspóirí agus leibhéal uaillmhéine an Rialacháin á gcoinneáil ar bun san am céanna.

- **An rogha ionstraime**

Leis an togra ní leasaítear Rialachán (AE) 2024/1787 ach amháin a mhéid a bhaineann le solúbthacht bhreise a sholáthar. Dá bhrí sin, ba cheart dó cineál céanna fhoirm na hionstraime reachtaí atá ann cheana a leanúint.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX-POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex-post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní gá aon mheastóireacht a dhéanamh ar an togra, ós rud é nach gcuireann sé ach solúbthacht shealadach ar fáil d'oibreoirí agus do na Ballstáit chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Bhí plé fairsing ag an gCoimisiún leis na páirtithe leasmhara ó thús na géarchéime sa Mheánoirthear maidir le tionchar oibleagáidí an allmhaireora ar na soláthairtí fuinnimh chuig an Aontas.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Dréachtaíodh an togra tar éis próiseas grinnscrúdaithe inmheánaigh ar na hoibleagáidí atá ann cheana.

- **Measúnú tionchair**

Ní bhaineann an togra le leasuithe spriocdhírithe ar Rialachán (AE) 2024/1787 ach amháin chun solúbthacht bhreise a sholáthar d'allmhaireoirí agus, i gcás oibleagáidí áirithe, do tháirgeoirí an Aontais, a mhéid a bhaineann le comhlíonadh a n-oibleagáidí trí na hoibleagáidí sin a chur siar bliain amháin. Ní athraíonn sé leibhéal uaillmhéine an Rialacháin agus ní thugtar isteach leis aon cheanglas nua do na Ballstáit ná d'oibreoirí.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

I gcomparáid leis an Rialachán atá ann faoi láthair, níl coinne leis go méadóidh an togra na costais riaracháin. Ina theannta sin, ní mhéadaíonn sé castacht an chreata dhlíthiúil.

- **Cearta bunúsacha**

Leis an togra seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[11]. Go sonrach, coinnítear ar bun leis an

[11] Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, (IO C 326, 26.10.2012, lch. 391, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/char_2012/oj).

togra an cuspóir maidir le hardleibhéal cosanta don chomhshaol i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithí mar a leagtar síos in Airteagal 37 den Chairt.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Cuireadh an ráiteas airgeadais reachtach ina leagtar amach na himpleachtaí le haghaidh acmhainní buiséadacha, daonna agus riaracháin i gceangal leis an togra as ar eascair glacadh Rialachán (AE) 2024/1787.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní athraíonn an togra seo substaint na rialacha. Tá an measúnú ar an gcur chun feidhme fós mar an gcéanna leis an gceann don togra ar glacadh Rialachán(AE) 2024/1787 dá bharr.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leasaítear Airteagal 28(1) agus Airteagal 28(2) le hAirteagal 1(1).

Leasaítear Airteagal 29(1) agus Airteagal 29(2) le hAirteagal 1(2).

2026/0325 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1787 maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí áirithe a chur siar

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2024/1787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle astaíochtaí meatáin a laghdú in earnáil an fhuinnimh[1]. Bunaítear leis oibleagáidí ar allmhaireoirí amhola, gáis nádúrtha agus guail atá ag teacht chuig an Aontas faisnéis a sholáthar, ón 5 Bealtaine 2025 ar aghaidh, d'údaráis inniúla ábhartha na mBallstát maidir le bearta arna ndéanamh ag onnmhaireoirí chuig an Aontas agus ag táirgeoirí tríú tír maidir le hastaíochtaí meatáin a thomhas, a thuairisciú, a fhíorú agus a mhaolú, go háirithe maidir le bearta rialála nó deonacha a chur i bhfeidhm chun astaíochtaí meatáin a rialú.

(2) Le Rialachán (AE) 2024/1787 ceanglaítear ar allmhaireoirí freisin a léiriú agus a thuairisciú, ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh, go bhfuil conarthaí arna dtabhairt i gcrích nó arna n-athnuachan tar éis an 4 Lúnasa 2024 maidir le soláthar amhola, gáis nádúrtha nó guail a tháirgtear lasmuigh den Aontas faoi réir bearta faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe atá coibhéiseach leo siúd a leagtar amach sa Rialachán ar leibhéal an táirgeora.

(3) Le Rialachán (AE) 2024/1787 ceanglaítear freisin ar tháirgeoirí agus allmhaireoirí an Aontais tuairisciú, faoin 5 Lúnasa 2028 agus gach bliain ina dhiaidh sin, ar dhéine meatáin amhola, gáis nádúrtha nó guail a chuirtear ar mhargadh an Aontais agus, faoin 5 Lúnasa 2030 agus gach bliain ina dhiaidh sin, a léiriú go bhfuil an déine meatáin faoi bhun na n-uasluachanna déine a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 29(5) agus (6) den Rialachán.

[1] Rialachán (AE) 2024/1787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/942 (IO L, 2024/1787, 15.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1787/oj).

(4) Rinne an Coimisiún bearta substaintiúla chun cur chun feidhme Rialachán (AE) 2024/1787 a éascú, i gcomhar leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara. Go háirithe, bhunaigh an Coimisiún Grúpa Saineolaithe Neamhfhoirmiúil maidir le Laghdú ar Astaíochtaí Meatáin in Earnáil an Fhuinnimh, grúpa ina ndéantar Líonra na nÚdarás Inniúil a óstáil freisin, ar grúpa é a cruthaíodh de bhun Airteagal 5(3) den Rialachán chun comhar a chothú agus malartuithe rialta maidir le dea-chleachtais i measc na n-údarás inniúil a chumasú. Ghlac an Coimisiún iarraidh ar chaighdeánú freisin chun caighdeáin Eorpacha a fhorbairt chun cur chun feidhme comhchuibhithe a áirithiú agus chun comhchreat teicniúil a chruthú. Leanfaidh an Coimisiún de na bearta uile is gá a dhéanamh chun Rialachán (AE) 2024/1787 a chur chun feidhme agus glacfaidh sé na gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe atá fágtha.

(5) Ina theannta sin, d'fhoilsigh an Coimisiún moltaí le déanaí maidir le réitigh chomhlíontachta[2] agus maidir le pionóis a chur i bhfeidhm[3]. Chuir siad sin tuilleadh soiléireachta agus tacaíochta ar fáil do na Ballstáit agus d'oibreoirí araon maidir le conas an Rialachán a chur chun feidhme. Leagtar amach sa Mholadh maidir le réitigh chomhlíontachta conas comhlíonadh na gceanglas allmhairiúcháin a léiriú, go háirithe i slabhraí soláthair casta. I gcomhthráth leis sin, leis an Moladh maidir le pionóis a chur i bhfeidhm, soláthraítear treoraíocht do na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 33(2) de Rialachán (AE) 2024/1787 i gcomhthéacs na géarchéime fuinnimh atá ann faoi láthair.

(6) Tá an staid fuinnimh dhomhanda fós an-luaineach agus dothuartha, agus tá praghsanna fuinnimh fós an-ard. Ba cheart don Aontas, dá bhrí sin, allmhairí breosla iontaise atá iontaofa agus leanúnach a áirithiú. Cé nach bhforchuirtear le Rialachán (AE) 2024/1787 srianta ar allmhairí fuinnimh chuig an Aontas, beidh gá le ham breise chun ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh go hiomlán, agus d'fhéadfadh dúshláin a bheith roimh allmhaireoirí maidir le fuinneamh a sholáthar don Aontas ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh. Tá gá le ham breise chun tús a chur leis na ceanglais sin a chur i bhfeidhm chun go mbeidh tríú tíortha, na Ballstáit, táirgeoirí, allmhaireoirí, oibreoirí agus trádálaithe in ann ullmhú go hiomlán, lena n-áirítear, chun go mbeidh siad in ann na sásraí is gá a bhunú, ionas go mbeidh siad in ann a n-oibleagáidí a chomhlíonadh go hiomlán.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart na hoibleagáidí a bhunaítear le hAirteagal 28(1) agus (2) agus Airteagal 29(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2024/1787 d'allmhaireoirí agus do tháirgeoirí an Aontais a chur siar bliain amháin.

(8) Cuireann an amlíne shínte ar a gcumas do na Ballstáit glacadh a gcóras pionóis náisiúnta a thabhairt chun críche mar ábhar tosaíochta agus ag comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta chun fíoraitheoirí a chreidiúnú i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin. Tugann sé am breise freisin d'údaráis inniúla náisiúnta measúnú a dhéanamh ar sholáthraithe réiteach comhlíontachta agus iad a aithint maidir le comhlíonadh cheanglais Rialachán (AE) 2024/1787 agus chritéir an Mholta maidir le réitigh chomhlíontachta.

---

[2] Moladh (AE) 2026/1834 ón gCoimisiún an 20 Iúil 2026 maidir le clásail eiseamláireacha roghnacha arna bhforbairt de bhun Rialachán (AE) 2024/1787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/942 (IO L, 2026/1834, 24.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2026/1834/oj).

[3] Moladh (AE) 2026/1835 ón gCoimisiún an 20 Iúil 2026 maidir le cur i bhfeidhm pionós dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2024/1787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh i ndáil le hoibleagáidí allmhaireoirí (IO L, 2026/1835, 24.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2026/1835/oj).

(9) Le linn thréimhse an chur siar, déanfaidh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme an Rialacháin, chomh maith le staid shlándáil an tsoláthair. Cuirfear aon saincheist maidir le cur chun feidhme san áireamh i gcomhthéacs an athbhreithnithe atá le teacht ar an Rialachán lena gceanglaítear go sainráite ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht an Rialacháin maidir le rialacha tomhais, tuairiscithe agus fíoraithe atá trédhearcach agus cruinn a bhunú. De réir Airteagal 36(1) de Rialachán (AE) 2024/1787, tá an t-athbhreithniú sin le déanamh faoin 1 Eanáir 2028, lena n-áirítear an ceanglas ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

(10) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, is é sin, dáta chur i bhfeidhm Airteagal 28(1) agus (2) agus Airteagal 29(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2024/1787 a chur siar, a ghnóthú go leordhóthanach agus nach féidir é a ghnóthú ach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2024/1787 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2024/1787

Leasaítear Rialachán (AE) 2024/1787 mar a leanas:

1. Leasaítear Airteagal 28 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘Faoin 31 Bealtaine 2029 agus gach bliain ina dhiaidh sin, léireoidh allmhaireoirí, agus tuairisceoidh siad i gcomhréir le hAirteagal 27(1), d’údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe nach gcumhdaíonn na conarthaí arna dtabhairt i gcrích nó arna n-athnuachan an 4 Lúnasa 2024 nó ina dhiaidh sin maidir le soláthar amhola, gáis nádúrtha nó guail na bliana féilire roimhe sin a tháirgtear lasmuigh den Aontas ach amhola, gás nádúrtha nó gual atá faoi réir bearta faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe arna gcur i bhfeidhm ar leibhéal an táirgeora atá coibhéiseach leo siúd a leagtar amach sa Rialachán seo.’;

(b) i mír 2, cuirtear an méid a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Faoin 31 Bealtaine 2029 agus gach bliain ina dhiaidh sin, cuirfidh allmhaireoirí údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe ar an eolas gach bliain maidir le torthaí na n-iarrachtaí sin i leith na bliana féilire roimhe sin, mar chuid den fhaisnéis atá le soláthar de bhun Airteagal 27(1) agus, i gcás mainneachtana, tabharfaidh siad údar maith le mainneachtain den sórt sin do na húdaráis inniúla sin agus leagfaidh siad amach na gníomhaíochtaí a rinne siad mar chuid de na hiarrachtaí sin.’;

(2) Leasaítear Airteagal 29 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘Faoin 5 Lúnasa 2029 agus faoin 31 Bealtaine gach bliain ina dhiaidh sin, maidir leis na conarthaí soláthair arna dtabhairt i gcrích nó arna n-athnuachan an 4 Lúnasa 2024 nó ina

dhiaidh sin, tuairisceoidh táirgeoirí an Aontais agus, de bhun Airteagal 27(1), allmhaireoirí an Aontais d'údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe déine meatáin tháirgeadh na hamhola, an gháis nádúrtha agus an ghuail a chuireann siad ar mhargadh an Aontais sa bhliain féilire roimhe sin arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach de bhun mhír 4 den Airteagal seo.

Maidir le conarthaí soláthair a tugadh i gcrích roimh an 4 Lúnasa 2024, déanfaidh táirgeoirí an Aontais agus, de bhun Airteagal 27(1), allmhaireoirí an Aontais, gach iarracht réasúnta déine meatáin tháirgeadh na hamhola, an gháis nádúrtha agus an ghuail a chuireann siad ar mhargadh an Aontais sa bhliain féilire roimhe sin a thuairisciú d'údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach de bhun mhír 4 den Airteagal seo. Faoin 5 Lúnasa 2029 agus faoin 31 Bealtaine gach bliain ina dhiaidh sin, tabharfaidh táirgeoirí agus allmhaireoirí an Aontais a chuireann amhola, gás nádúrtha nó gual ar mhargadh an Aontais tuarascáil bhliantúil d'údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe maidir le torthaí na n-iarrachtaí sin.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'Faoin 5 Lúnasa 2031 agus faoin 31 Bealtaine gach bliain ina dhiaidh sin, léireoidh táirgeoirí agus allmhaireoirí an Aontais a chuireann amhola, gás nádúrtha agus gual ar mhargadh an Aontais faoi chonarthaí soláthair arna dtabhairt i gcrích nó arna n-athnuachan tar éis an 5 Lúnasa 2030 d'údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe go bhfuil déine meatáin tháirgeadh na hamhola, an gháis nádúrtha agus an ghuail a chuireann siad ar mhargadh an Aontais sa bhliain féilire roimhe sin, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach de bhun mhír 4, faoi bhun na n-uasluachanna déine meatáin arna mbunú i gcomhréir le mír 6 chun laghduithe ar astaíochtaí meatáin domhanda le haghaidh na dtáirgí sin a chur chun cinn.'.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*